Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2010*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*

## *Roinn A (60 marc)*

**Dé hAoine, 18 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**

ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**

- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**

- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**

- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**

- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*


**Scrúduimhir:** ______________

# ROINN A - Croíréimsí Staidéir - Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo

**A-1.** Seasann an dá líne sceabhacha AB agus CD do chonairí eitilte dhá eitleán.

**(a)** Déan amach teilgin na líne is giorra idir an dá chonair seo.

**(b)** Déan amach agus cuir in iúl fad na líne is giorra seo.







**A-3.** Is minic a bhaintear úsáid as cuar parabóileach i ndearadh raonta rásaíochta.

Taispeánann an líníocht ar dheis ais, treoirlíne agus fócas parabóile.

**(a)** Faigh suíomh na rinne agus tarraing cuid den chuar.

**(b)** Tarraing tadhlaí leis an gcuar ag pointe atá 45mm ón bhfócas.








**A-2.** Taispeántar dhá leabharthaca, le cruinneán cuimsithe i ngach ceann, agus roinnt leabhar sa ghrafaic 3D thíos.

Taispeántar foireann aiseanna isiméadracha ar dheis agus tá ingearchló agus bonnchló leabharthaca suite mar a thaispeántar.

Tarraing teilgean aismhéadrach an leabharthaca.







**A-4.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos dearadh do bhosca taispeántais le haghaidh torthaí. Is é atá sa bhosca ná priosma rialta heicseagánach atá gearrtha mar a thaispeántar.

Taispeánann an líníocht ar dheis conas a ghearrtar an priosma chun an dromchla claonta a dhéanamh.

**(a)** Tarraing ingearchló an phriosma agus é gearrtha ag an bhfiarphlána VTH.

**(b)** Déan amach, agus cuir in iúl ina chéimeanna, claonadh an dromchla ghearrtha leis an bplána cothrománach.





**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

